# TUARASCÁIL SHEIRBHÍS FUILAISTRIÚCHÁIN NA hÉIREANN AR AN mBEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ

2025

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá ... 2
2. Próifíl an Fhórsa Saothair ... 2
3. Méadrachtaí an Bhearna Phá idir na hInscní (2025) ... 3
An Bhearna Phá in aghaidh na hUaire ... 3
An Bhearna ó thaobh Pá Bónais de ... 4
An Bhearna ó thaobh Sochar Comhchineáil de ... 4
Ceathairíleanna Pá ... 4
4. An Bhearna Phá idir na hInscní in 2025 a Thuiscint ... 4
Príomhfhachtóirí a Imríonn Tionchar ar an mBearna ... 5
5. Bearta atá Déanta d'fhonn an Comhionannas Inscne a Chur Chun Cinn ... 5
1. Cleachtais Earcaíochta agus Ardaithe Céime ... 5
2. Modhanna Solúbtha Oibre agus -Modhanna Oibre a Thacaíonn le Teaghlaigh ... 5
3. Forbairt Ceannaireachta ... 5
4. Monatóireacht Sonraí agus Trédhearcacht ... 6
6. Gealltanais don Am atá le Teacht ... 6
7. Tátal ... 6

Tábla 1 % de na Fostaithe uile de réir Rannáin agus Inscne ... 3
Tábla 2 % de na Fostaithe uile de réir Inscne ... 3
Tábla 3 % An Bhearna Phá Iomlán ... 3
Tábla 4 An Meánluach Saothair in aghaidh na hUaire & An Bhearna Phá idir na hInscní ... 3
Tábla 5 An Luach Saothair Airmheánach in aghaidh na hUaire & an Bhearna Phá idir na hInscní mar % ... 4
Tábla 6 Dáileadh Pá de réir Ceathairíle ... 4

# Tuarascáil Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ar an mBearna Phá idir na hInscní, 2025

## 1. Réamhrá

Tá Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ) tiomanta do chothromas, ionchuimsiú agus comhionannas sa láthair oibre a chothú do gach fostaí. Mar chuid den ghealltanas seo, agus i gcomhréir leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, foilsíonn Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil ar an mBearna Phá idir na hInscní. Leagtar amach sa tuarascáil seo méadrachtaí na heagraíochta maidir leis an mbearna phá idir na hinscní don bhliain 2025, cuirtear comhthéacs ar fáil do na torthaí, agus leagtar amach na gníomhartha atá á ndéanamh ag SFÉ chun comhionannas inscne a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Is ionann an bhearna phá idir na hinscní agus an *difríocht i meánphá na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire ar fud an fhórsa saothair,* beag beann ar ról, grád nó sinsearacht. Ní hionann é agus pá comhionann as obair chomhionann, ar ceanglas dlíthiúil ar leith é.

Is eagraíocht náisiúnta í SFÉ a bhfuil freagracht reachtúil uirthi as fuil agus táirgí fola a bhailiú, a phróiseáil, a thástáil agus a dháileadh in Éirinn. Tá SFÉ ag brath go hiomlán ar dheontóirí fola deonacha chun soláthar leordhóthanach agus seasta fola agus comhábhair fola a chinntiú d'othair. Is cuid ríthábhachtach de chúram sláinte nua-aimseartha í agus cuireann sí seirbhísí ar fáil 365 lá sa bhliain 24/7. Déantar an SFÉ a mhaoiniú trí tháillí a ghearradh ar ospidéil as a chuid táirgí agus seirbhísí ar phraghas a shocraítear leis an Roinn Sláinte. Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) an príomhchustaiméir dá chuid táirgí agus seirbhísí.

Tá beartais agus cleachtais láidre forbartha ag SFÉ d'fhonn éagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú a chur chun cinn i measc an fhórsa saothair. Áirítear leo seo tacaíochtaí cuimsitheacha do bhainisteoirí agus do bhaill foirne—go háirithe iad siúd atá bainteach le hearcaíocht—mar aon le hoiliúint agus acmhainní maidir le comhionannas agus ionchuimsiú, rochtain ar chomhairle agus treoir shaineolach, tionscnaimh chun guthanna na bhfostaithe ó ghrúpaí faoi ghanniodaíocht a neartú, agus próisis struchtúrtha lena chinntiú go ndéantar measúnú ar bheartais agus ar chleachtais Acmhainní Daonna trí lionsa an chomhionannais. Le chéile, leagann na bearta seo bunchloch láidir ionas gur féidir le SFÉ leanúint de chomhionannas inscne i gcúrsaí pá a chur chun cinn agus cultúr eagraíochtúil cuimsitheach a chothú.

## 2. Próifíl an Fhórsa Saothair

Fostaíonn SFÉ fórsa saothair éagsúil thar fheidhmeanna cliniciúla, eolaíocha, altranais, riaracháin agus oibriúcháin. Tá obair na heagraíochta thar a bheith speisialaithe, le róil éagsúla ó chúram leighis agus altranais go seirbhísí deontóra agus eolaíocht saotharlainne go tacaíocht lóistíochta agus rialachais chorparáidigh.

Ar dháta an léargais, bhí 644 fostaí (líon na ndaoine) i bhfórsa saothair iomlán SFÉ ar fud na tíre, arb ionann é agus 552.71 coibhéis lánaimseartha (CLA).

| Rannán | % den daonra fostaithe (líon iomlán na bhfostaithe) | |
|---|---|---|
| | Baineann | Fireann |
| **Leigheas agus Eolaíocht** | 18% | 5% |
| **Seirbhísí Táirgthe agus Ospidéil** | 4% | 6% |
| **Seirbhísí do Dheontóirí agus Bailiúcháin** | 41% | 9% |
| **Cáilíocht agus Comhlíonadh** | 6% | 1% |
| **Príomhfheidhmeannach agus Gnóthaí Corparáideacha** | 1% | 0% |
| **Acmhainní Daonna** | 2% | 0% |
| **Airgeadas** | 1% | 2% |
| **Teicneolaíocht Faisnéise** | 1% | 1% |
| **IOMLÁN** | 75% | 25% |

*Tábla 1 % de na Fostaithe uile de réir Rannáin agus Inscne*

Is mná den chuid is mó atá san fhórsa saothair, rud a léiríonn treochtaí níos leithne san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta.

| Inscne | % den daonra fostaithe |
|---|---|
| **Baineannach** | 75% |
| **Fireannach** | 25% |

*Tábla 2 % de na Fostaithe uile de réir Inscne*

## 3. Méadrachtaí an Bhearna Phá idir na hInscní (2025)

Tá rátaí pá agus téarmaí agus coinníollacha laistigh de SFÉ ailínithe leo siúd atá socraithe go lárnach don earnáil sláinte poiblí níos leithne ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Déantar na struchtúir phá seo a shocrú bunaithe ar ghráid atá comhaontaithe ar bhonn náisiúnta agus ar scálaí tuarastail comhdhlúite foilsithe, atá i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus nach bhfuil idirdhealú déanta eatarthu de réir inscne.

### *An Bhearna Phá in aghaidh na hUaire*

| Méadrachtaí | Toradh |
|---|---|
| An Mheánbhearna Phá in aghaidh na hUaire | **6.9%** |
| An Bhearna Phá Airmheánach in aghaidh na hUaire | **0.7%** |

*Tábla 3 % An Bhearna Phá Iomlán*

| Catagóir | An Meánluach Saothair in aghaidh na hUaire € | | An Mheánbhearna Phá in aghaidh na hUaire % |
|---|---|---|---|
| | Baineannach | Fireannach | |
| **Lánaimseartha** | 37.71 | 40.45 | **6.8%** |
| **Páirtaimseartha** | 30.34 | 29.92 | **-1.4%** |
| **Sealadach** | 29.93 | 30.72 | **2.6%** |

*Tábla 4 An Meánluach Saothair in aghaidh na hUaire & An Bhearna Phá idir na hInscní*

| Catagóir | An Luach Saothair Airmheánach in aghaidh na hUaire € | | An Bhearna Phá Airmheánach in aghaidh na hUaire % |
|---|---|---|---|
| | Baineannach | Fireannach | |
| **Lánaimseartha** | 33.13 | 33.85 | **2.1%** |
| **Páirtaimseartha** | 30.28 | 30.99 | **2.3%** |
| **Sealadach** | 23.92 | 27.79 | **13.9%** |

*Tábla 5 An Luach Saothair Airmheánach in aghaidh na hUaire & an Bhearna Phá idir na hInscní mar %*

***An Bhearna ó thaobh Pá Bónais de***

Níl córas bónais i bhfeidhm ag SFÉ; dá bhrí sin, ní thuairiscítear aon bhearna ó thaobh pá bónais de**.**

***An Bhearna ó thaobh Sochar Comhchineáil de***

Níl córas sochair chomhchineáil i bhfeidhm ag SFÉ; mar sin, ní thuairiscítear aon bhearna ó thaobh sochar comhchineáil de.

***Ceathairíleanna Pá***

Taispeánann an dáileadh de réir ceathairíle céatadán na bhfear agus na mban i ngach banda pá. Cé nach bhfuil an miondealú mionsonraithe de réir ceathairíle ar fáil sa tacar sonraí poiblí, aithníonn SFÉ gur príomhfhachtóir é an dáileadh de réir ceathairíle maidir leis an mbéarna phá foriomlán agus leanann SFÉ de mhonatóireacht a dhéanamh ar ionadaíocht ar fud na leibhéil uile.

| | Íoscheathairíl (C1) | | Íos-mheáncheathairíl (C2) | | Uas-mheáncheathairíl (C3) | | Uascheathairíl (C4) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | B | F | B | F | B | F | B | F |
| Lánaimseartha | 61% | 39% | 83% | 17% | 67% | 33% | 70% | 30% |
| Páirtaimseartha | 88% | 12% | 77% | 23% | 72% | 28% | 88% | 12% |
| Sealadach | 95% | 5% | 74% | 26% | 60% | 40% | 70% | 30% |

*Tábla 6 Dáileadh Pá de réir Ceathairíle*

## 4. An Bhearna Phá idir na hInscní in 2025 a Thuiscint

Léiríonn tuarascáil SFÉ ar an mBearna Phá idir na hInscní don bhliain 2025 **meánbhearna de 6.9%** agus **bearna airmheánach de 0.7%**, an dá cheann acu i bhfad níos ísle ná an meán náisiúnta agus níos ísle ná go leor eagraíochtaí san earnáil sláinte níos leithne.

- Léiríonn torthaí SFÉ ar an mbearna phá idir na hinscní go dtuilleann mná i bhfostaíocht buan lánaimseartha agus iad siúd i bhfostaíocht shealadach níos lú in aghaidh na huaire, ar an meán, ná a gcomhghleacaithe fir. Tá an treocht seo beagán droim ar ais i gcás fostaithe páirtaimseartha.
- Is in obair lánaimseartha atá an mheánbhearna pá is mó agus is féidir cur síos a dhéanamh uirthi mar an tacar sonraí is fónta mar is iondúil go léiríonn róil lánaimseartha an croífhórsa saothair agus poist ar phá níos airde.
- Tá an luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire níos ísle i ngach catagóir do mhná i gcomparáid le fir, ach is beag an bhearna phá do róil lánaimseartha **2.1%** agus páirtaimseartha **2.3%.**

- Tá bearna de **13.9%** sa leibhéal airmheánach pá i measc an lucht saothair shealadaigh, rud a léiríonn difríocht shuntasach sna cineálacha post sealadach a bhíonn ag fir i gcomparáid le mná.
- Tá níos mó ban i ngach ceathairíl i ngach catagóir, rud a léiríonn déimeagrafaic na heagraíochta **(75%B, 25%F).**
- Tá 70% de mhná sa cheathairíl uachtarach lánaimseartha agus tá 95% de mhná sa cheathairíl íochtarach sealadach, rud a léiríonn go bhfuil níos mó ban i róil ar phá níos ísle.

***Príomhfhachtóirí a Imríonn Tionchar ar an mBearna***

- **Comhdhéanamh an Fhórsa Oibre** Fostaíonn SFÉ líon ard ban, go háirithe i róil chliniciúla agus riaracháin. Tá ionadaíocht na bhfear níos airde i bpoist theicniúla agus oibríochtúla áirithe, a d'fhéadfadh scálaí pá éagsúla a mhealladh.
- **Conarthaí Sealadacha** Tugann an mheánbhearna phá de 2.6% i measc na bhfostaithe sealadacha le fios gur iondúil go mbíonn fir ag obair i róil shealadacha ar phá níos airde,-agus mná ag obair i bpoist shealadacha ar phá níos ísle.-
- **Patrúin Oibre Páirtaimseartha-**Léiríonn an mheánbhearna phá de –1.4% i measc na bhfostaithe páirtaimseartha-go mbíonn mná i róil pháirtaimseartha-ag tuilleamh beagán níos mó ar an meán ná fir i róil chomhchosúla. Mar sin féin, tugann an bhearna airmheánach de 2.3% le fios go bhfuil roinnt éagsúlachta sa dáileadh de réir gráid.
- **Conairí Gairme agus Dul Chun Cinn** Mar is amhlaidh i go leor eagraíochtaí san -earnáil sláinte, tá ionadaíocht na mban níos airde i róil luath-ghairme agus lár-ghairme, agus tá ionadaíocht na bhfear níos airde, i gcomhréir, i bpoist shinsearacha teicniúla nó oibríochtúla áirithe.

## 5. Bearta atá Déanta d'fhonn an Comhionannas Inscne a Chur Chun Cinn

Tá SFÉ tiomanta don fheabhsú leanúnach agus tá raon tionscnamh curtha i bhfeidhm againn chun tacú le cothromaíocht inscne agus dul chun cinn cothrom. Tá SFÉ tiomanta i gcónaí do chultúr cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn. Tuigimid go dtacaíonn an éagsúlacht le cinnteoireacht, réiteach fadhbanna, nuálaíocht agus feidhmíocht níos fearr.

**I measc na bpríomhbhearta tá:**

***1. Cleachtais Earcaíochta agus Ardaithe Céime***

- Cothromaíocht inscne- a chinntiú ar bhoird agallaimh nuair is féidir
- Cothromaíocht inscne a chothú ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí poist chun teanga inscneach a bhaint
- Monatóireacht a dhéanamh ar ionadaíocht inscne ag gach céim den earcaíocht

***2. Modhanna Solúbtha Oibre agus -Modhanna Oibre a Thacaíonn le Teaghlaigh***

- Socruithe oibre solúbtha feabhsaithe
- Tacaíocht d'obair pháirtaimseartha- agus cianobair nuair is indéanta go hoibríochtúil
- Beartais chun tacú le cúramóirí agus le tuismitheoirí

***3. Forbairt Ceannaireachta***

- Cláir forbartha spriocdhírithe chun tacú le mná i leith róil shinsearacha a bhaint amach
- Tionscnaimh meantóireachta agus oiliúna

***4. Monatóireacht Sonraí agus Trédhearcacht***

- Tuairisciú bliantúil faoin Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní
- Anailís leanúnach ar threochtaí pá, dul chun cinn, agus ionadaíochta
- Athbhreithniú ar phatrúin conarthaí sealadacha agus téarma -seasta chun dul i ngleic leis an meánbhearna agus leis an mbearna airmheánach níos airde sa chatagóir seo

## 6. Gealltanais don Am atá le Teacht

Leanfaidh SFÉ de bheith ag cur lena dhul chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Anailís níos doimhne a dhéanamh ar dháileadh pá de réir ceathairíle
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhealaí isteach i róil shinsearacha theicniúla, bainistíochta agus oibríochtúla
- Pleanáil chomharbais a neartú le fócas ar chothromaíocht inscne
- Cumarsáid inmheánach agus rannpháirtíocht foirne i dtionscnaimh chomhionannais a fheabhsú
- Leanúint de thagarmharcáil a dhéanamh i gcoinne treochtaí náisiúnta agus earnála

## 7. Tátal

Léiríonn torthaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ar an mBearna Phá idir na hInscní, 2025, **meánbhearna phá (6.9%)** agus **bearna airmheánach phá (0.7%)**, atá araon níos ísle ná na meáin náisiúnta agus earnála. Cé go bhfuil na méadrachtaí dearfach ar an iomlán, aithníonn Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht leanúnach chun a chinntiú go mbíonn rochtain chomhionann ag gach fostaí, beag beann ar inscne, ar dheiseanna, ar dhul chun cinn agus ar luach saothair cothrom.

Tá SFÉ tiomanta i gcónaí do thrédhearcacht, cuntasacht, agus feabhsú leanúnach chun comhionannais inscne a chur chun cinn san eagraíocht.